
EirGrid

# Cill Mhantáin a Chumachtú

## Forbairt Stáisiún 220 kV i gCill Mhantáin

EOLAS DON PHOBAL



EirGrid.ie/Wicklow

# Cé hiad EirGrid agus cad a dhéanaimid?

Is cuideachta faoi úinéireacht an stáit é EirGrid a dhéanann eangach leictreachais na hÉireann a fhorbairt, a bhainisitiú, agus a oibriú. Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachas na hÉireann.

Tá EirGrid ag athrú na heangaí leictreachais ó bhonn, le huasghráduithe agus feabhsuithe ag tarlú anois ar fud Chill Mhantáin agus ar fud na hÉireann.

**Táimid freagrach as soláthar sábháilte, slán agus iontaofa leictreachas na hÉireann.**

# Cill Mhantáin a Chumhachtú

Is clár ríthábhachtach é Cill Mhantáin a Chumhachtú lena ndéanfar príomhbhonneagar leictreachais i gCill Mhantáin agus sna ceantair máguaird níos láidre, rud a chuideoidh le hÉire a dhéanamh 'réidh le haghaidh foinsí in-athnuaite fuinnimh' agus le toilleadh fuinnimh i gceann de na réigiúin is mó fás sa tír a fheabhsú.

Tá an bonneagar leictreachais atá sa cheantar seo cheana féin i mbaol barr a thoillte a bhaint amach. Chun aghaidh a a thabhairt ar an riachtanas seo, tá bonneagar nua ag teastáil chun soláthar iontaofa, inbhuanaithe chuig pobail, chuig cónaitheoirí, chuig scoileanna, agus chuig gnólachtaí a chinntiú, chomh maith le cuidiú leis an tír a cuid spriocanna maidir le fuinneamh in-athnuaite a bhaint amach.

Mar chuid den mhór-aistriú fuinnimh seo, agus chun freastal ar an méadú atá ann faoi láthair ar an éileamh, tá EirGrid ag forbairt tuilleadh pleananna chun freastal ar riachtanais na bpobal agus na ngnólachtaí i gCill Mhantáin. Tá roinnt earnálacha taobh thiar den mhéadú ar an éileamh lena n-áirítear:

- Tithíocht chónaithe.
- Forbairt thráchtála agus thionscail.
- Leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompair (feithiclí leictreacha agus iompar poiblí); agus
- Comhtháthú naisc an fhuinnimh in-athnuaite.

Chun go bhfreastalófaí ar an éileamh seo, beidh bonneagar nua leictreachais ag teastáil chun an córas tarchurtha leictreachais ardvoltais agus an córas dáilte leictreachais de voltas níos ísle, a chuireann leictreachas ar fáil don áit á bhfuil gá leis, a nascadh.

Chuige sin, táimid ag forbairt tionscadal i do cheantar faoi láthair, lena n-áirítear:

- Tógáil fostáisiún 220 kV i gceantar an Bhaile Bhig, chomh maith le ciorcaid lúb isteach a ghabhann leis i gceantar an fhostáisiúin bheartaithe.
- Tógáil fostáisiún 220 kV san Inbhear Mór, chomh maith le ciorcaid lúb isteach a ghabhann leis i gceantar an fhostáisiúin bheartaithe.
- Oibreacha athchóirithe ar an líne lastuas ón Inbhear Mór go Carraig Mhaighin agus an voltas a ardú ó 110 kV go 220 kV chun an toilleadh a mhéadú.

# Cad atá ag tarlú anois?

Beidh EirGrid ag dul i mbun caidrimh le pobail áitiúla, le húinéirí talún áitiúla agus le gnólachtaí áitiúla maidir leis na tionscadail seo. Is é sin an chéad chéim den aistear seo chun sibh a chur ar an eolas faoinár gcuid pleananna. Tá EirGrid tiomanta don phobal a chur i gcroílár a chuid oibre. I gcomhréir leis an ngealltanas sin, coinneoimid ar an eolas tú i rith an ama agus sinn ag cur ár gcuid pleananna chun cinn agus ag éisteacht leis an aiseolas uait de réir mar a ndéanaimid an eangach a neartú i do cheantar.

# Tuilleadh Eolais


Má bhíonn aon cheisteanna agat, dean teagmháil le:




## Liz Dillon

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal
Liz.Dillon@EirGrid.com
087 188 7982





Eochair / Legend
Mótarbhealach / Motorway
Limistéar Staidéir / Study Area
Fostáisiún 220 kV / 220 kV Substation
Tigh an Ghleanna
Tiglin
Foraois an Ghleanna Mhóir
The Devils Glen Forest
Baile Anraí
Ballyhenry
Cluain Manainn
Clonmannan
Crois na Mná Rialta
Nun's Cross
Baile Uí Choileáin
Ballycullen
Áth na Fuinseoige
Ashford
Baile na hInse
Ballinahinch
An Corrán Rua
Cronroe
M11
Baile an Loiscthe
Ballylusk
Bromley
Bromley
Ráth Naoi
Rathnew
Cnoc Roibín
Knockrobin
Loch Manainn
Broad Lough
Cúil na Cille
Coolnakilly
Cnoc na mBráithre
Friarshill
Baile an Fhuarthain
Ballynerrin
Cill Mhantáin
Wicklow
Baile an Mhóta
Ballymoate
Baile Sheabhaic
Hawkstown
Baile na gCrann
Ballynagran
Dún Borr
Dunbur
Gleann Fhaidhle
Glenealy
Baile Mhic Gaill Beag
Ballyguile Beg
Baile na Cúile
Ballinacooley
Cill Chainre
Kilcandra
M11
Tobar an Bhiolair
Tubbervilla
Cnoc Chill Phóil
Kilpoole Hill